



Seoltar an t-iarratas seo ar ais chuig:

An tAonad Ceadúnú Oibreora um Iompar Bóthair
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
Teach Chluain Fearta, Sráid Bhríde, Baile Locha Riach,
Co. na Gaillimhe

FOIRM IARRATAIS MAIDIR LE BAINISTEOR IOMPAIR A ATHRÚ

Is foirm iarratais seo maidir leis an mBainisteoir Iompair mar atá luaite le Ceadúnas Oibreora Tarlaithe de Bhóthar / Paisinéirí a athrú nó le Bainisteoir Iompair breise a cheapadh.

Comhlánaigh ag úsáid BLOCLITREACHA le do thoil. Ní mór an cháipéisíocht uile a luaitear ar an bhfoirm a bheith isteach leis an iarratas. Cuir ticeanna sna boscaí cuí ar an bhfoirm.

Cuid 1	Mionsonraí an Cheadúnais	<u>Don Oifig Amháin</u>
1A	Ceadúnas Oibreora Tarlaithe de Bhóthar <input type="checkbox"/> Ceadúnas Oibreora Paisinéirí de Bhóthar <input type="checkbox"/>	
1B	Uimh. Ceadúnais _____	
1C	Náisiúnta <input type="checkbox"/> Idirnáisiúnta <input type="checkbox"/>	

Cuid 2	Mionsonraí an Cheadúnaí
2A	Ainm an Cheadúnaí _____
2B	Seoladh _____ _____
2C	Uimhir Fóin Oifige _____
2D	Uimhir Fóin Phóca _____
2E	Seoladh ríomhphoist na hOifige _____

Cuid 3**Mionsonraí an Bhainisteora Iompair****3A** Ainm an Bhainisteora Iompair nua nó breise _____**3B** Seoladh _____**3C** Fón Póca _____ **3D** Uimh. Teileafóin talún _____**3E** Seoladh ríomhphoist _____**3F** UPSP _____ **3G** Dáta Breithe _____**3H** An tír inar eisíodh an Deimhniú ar Inniúlacht Gairmiúil (CPC): _____**3I** Uimh. CPC an Bhainisteora Iompair _____ **3J** Cineál an CPC: Náisiúnta Idirnáisiúnta **3K** An bhfuil an Bainisteoir Iompair fostaithe ar aon bhealach seachas leis an iarratasóir seo? Tá Níl **3L** Luaigh líon iomlán uaireanta a chloig oibre in aghaidh na seachtaine don iarratasóir seo _____ agus le gach fostaíocht eile _____.**3M** Más Tá an freagra ar **3K**, an bhfuil an Bainisteoir Iompair fostaithe mar Bhainisteoir Iompair le haon oibreoir eile? Tá Níl **3N** Más Tá an freagra ar **3M**, luaigh uimhir (uimhreacha) ceadúnais an oibreora (na n-oibreoirí) eile _____ agus líon iomlán na bhfeithiclí a thagann faoi bhainistíocht an Bhainisteora Iompair _____.**Don Oifig Amháin****Cuid 4****Dea-chlú****4A** Ar tharla ciontú ar bith nó cás sárú rialach i ndáil leis an mBainisteoir Iompair nua agus aon cheann de na cionta a liostaítear in Nóta A leis an Treoir? Tharla Níor tharla **4B** Ní mór don Bhainisteoir Iompair Foirm Grinnfhiosrúcháin de chuid an Gharda (faoi iamh) a líonadh isteach agus sonraí a thabhairt faoi aon chiontú i ndlínse ar bith in aon chion acu sin a liostaítear i Nóta A a cheanglaítear leis seo. Ní mór na foirm grinnfhiosrúcháin a líonadh isteach agus a chur faoi bhráid fiú sa chás nach bhfuil ciontú an duine i gcion ar bith le lua.**4C** Sa Chuid thíos, tugtar sonraí faoi aon chás inar tharla sárú rialach i ndlínse ar bith. (Tagann san áireamh le sárú aon chás ina ngearrann údarás forfheidhmiúcháin pionós gan teacht os comhair Cúirte, mar shampla, fíneáil ag seicphointe, toirmeasc, nó pionós eile de chineál riaracháin.) Ná luaitear cás ciontaithe maidir le daoine aonair sa Chuid seo – pléitear leo sin ar Fhoirm Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.

	Ainm an Bhainisteora Iompair	Cineál an tSáraithe (nó chiontú na cuideachta)	An áit ar tharla an sárú	An dáta ar tharla an sárú	Pionós
4D					
4E					
4F					

Más gá, leantar ar aghaidh ar leathanach breise a gcuireann an t-iarratasóir síniú agus dáta leis

Cuid 5**Coinníollacha maidir leis an iarratas**

5A Is féidir leis an Aire diúltú d'aon iarratas má mheastar gur tugadh dearbhú éithigh, nó nach bhfuil an t-iarratas sásúil nó má ligtear an t-iarratas i léig.

5B Is féidir leis an Aire tabhairt faoi sheiceáil bhreise nó eolas breise a lorg sula gceadófaí an t-iarratas, seiceáil grinnfhiosrúcháin leis an nGarda Síochána san áireamh, de réir mar a mheasann an tAire a bheith cuí.

5C Is féidir leis an Aire mionsonraí mar gheall ar oibreoirí agus daoine ábhartha a scaoileadh le húdaráis forfheidhmiúcháin in Éirinn agus san AE, agus air sin a iarraidh, le Ranna Rialtais eile agus le gníomhaireachtaí a thagann faoina gcoimirce.

5D Beidh an t-eolas a chuirtear ar fáil leis an iarratas seo á choinneáil ar ríomhaire ag an Aire. Foilsíonn an tAire faisnéis áirithe faoin gceadúnas (féach mionsonraí i gcuid 9 den Treoir maidir le Ceadúnais d'Oibreoirí Tarlaithe de Bhóthar nó Treoir maidir le Ceadúnais d'Oibreoirí Iompair Paisinéirí ar Bhóithre) ar www.rtol.ie agus is féidir leis an bpobal sin a scrúdú.

5E Is féidir ionchúiseamh a dhéanamh maidir le dearbhú éithigh de chineál ar bith a thugtar san iarratas seo agus d'fhéadfadh féineáil suas le €50,000 a theacht dá thoradh sin.

5F Is í an fhoirm seo maille leis an Fhoirm Grinnscrúdúcháin chuí de chuid an Gharda, ar a dtógáil in éineacht, an t-iarratas.

Cuid 6**Dearbhú agus Síniú**

6A Dearbhaím leis seo go bhfuil gach eolas a thugtar san iarratas seo fíor cruinn agus gur le haontú an té sin a dhéantar gach ráiteas agus a thugtar gach eolas a chuirtear ar fáil faoi dhuine ar bith.

6B Cuirfear aon athrú ar na sonraí a chuirtear ar fáil san iarratas seo in iúl don Roinn tráth nach deireanaí ná aon mhí amháin ó tharlaíonn an t-athrú.

6C Tuigim go bhféadfadh go ndéanfadh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt seiceáil maidir le dea-chlú dhaoine ábhartha sula gceadaítear an t-iarratas seo agus le linn thráth bailíochta an cheadúnais.

6D Aontaím an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a chur ar an eolas faoi aon chiontú i gcionta ábhartha maidir le haon duine ábhartha a bhaineann leis an iarratas seo le linn thráth bailíochta an cheadúnais.

6E Aontaím déanamh de réir na gcoinníollacha a ghabhann leis an iarratas seo agus de réir téarmaí agus coinníollacha ar bith a ghabhann leis an gceadúnas.

6F Deimhním go bhfuil na nithe seo faoi iamh:

- Foirm Grinnfhiosrúcháin an Gharda maidir leis an mBainisteoir Iompair nua
- Litir éirí as an bpost ón seanBhainisteoir Iompair
- An bhunchóip den Cheadúnas Oibreora Tarlaithe / Iompair Paisinéirí
- Cóip den Teastas maidir le hInniúlacht Ghairmiúil

Síniú _____ Ainm i mBLOCLITREACHA _____

Stádas sa Ghnólacht _____ Dáta _____
(Trádálaí Aonair/Stiúrthóir/Rúnaí/Comhpháirtí/Comhalta Coiste)

BREIS EOLAIS

Tá breis eolais ar fáil ó Aonad na gCeadúnas Oibreora um Iompar Paisinéirí Bóthair:

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Teach Chluain Feartha, Sráid Bhríde, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe

Teileafón Lo-call: 0761 001 601 Faics: 091-872999

r-phost: rtol@dtas.ie Láithreán Gréasáin: www.rtol.ie

Ar ciontaíodh riamh thú i gcion i bPoblacht na hÉireann nó in áit eile?

Ciontaíodh Níor ciontaíodh Luaitear sonraí le do thoil

DÁTA	CÚIRT	CIÓN	BREITH NA CÚIRTE

DEARBHÚ AN IARRATASÓRA

Tugaimse, a bhfuil m'ainm leis seo thíos agus a bhfuil curtha isteach agam ar phost mar _____ údarás leis seo don Gharda Síochána ráiteas a chur ar fáil don **Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt** nach bhfuil aon chiontú ar taifead i mo leithse i bPoblacht na hÉireann ná in aon áit eile, nó ráiteas a chur ar fáil faoi gach cás ciontaithe agus / nó ionchúisimh, cibé toradh ciontaithe nó neamhchiontaithe air, atá le déanamh nó déanta, sa Stát nó in áit eile de réir mar tharlódh.

Síniú an Iarratasóra: _____ Dáta: _____
AINM I mBLOCLITREACHA ()

Le líonadh ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt amháin

Sínitheoir Údaraithe: _____ (An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt)
AINM I mBLOCLITREACHA ()

Cláruimhir: _____

Le líonadh ag Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda

De réir thaifid an Gharda, níl aon chiontú roimhe seo curtha síos in aghaidh an iarratasóra thuasluaite:

NÓ tá ciontuithe mar a luaitear sa tuairisc atá ceangailte leis seo ar taifead ag an nGarda:

NÓ tá ionchúisimh mar a luaitear sa tuairisc atá ceangailte leis seo le tabhairt chun cinn:

NÓTA: Bunaithe ar an eolas a cuireadh ar fáil a rinneadh an tseiceáil san oifig seo.

D'fhéadfadh gur leis an té a ndearnadh fiosrúchán ina leith a bhaineann na ciontuithe a luaitear. Deimhnítear le do thoil an t-eolas a thugtar anseo leis an iarratasóir.

Síniú: _____ Ball i gCeannas

L.G.

CIONTA A BHAINNEANN LE HÁBHAR

Ní mór dearbhú maidir le cionta ar bith díobh sin a liostaítear thíos, cibé Cionta Tromchúiseacha nó Cionta Eile, a thabhairtar Fhoirm Grinnfhiosrúcháin an Gharda ach amháin sa chás gur cuideachta a ciontaíodh nuair is i gCuid 6 den fhoirm iarratais is ceart dearbhú a thabhairt ina leith. Tabharfar cionta den chineál sin san áireamh, cibé tráth ar tharla an ciontú i gcás Cionta Tromchúiseacha agus más le deich mbliana anuas a tharla an ciontú i gcás Cionta Eile, maidir le dea-chlú a mheas.

Ciallaíonn “duine ábhartha”:

- an t-iarratasóir, nuair is duine aonair an t-iarratasóir;
- gach duine de na comhpháirtithe, nuair is comhpháirtíocht an t-iarratasóir;
- an chuideachta, an rúnaí agus stiúrthóir ar bith, nuair is cuideachta an t-iarratasóir;
- an comharchumann, an rúnaí agus comhalta ar bith den choiste bainistíochta, nuair is comharchumann an t-iarratasóir;
- an bainisteoir iompair, sa chás nach duine díobh sin thuas an bainisteoir iompair.

Sa chás gur cuideachta nó comharchumann an t-iarratasóir, ní mór dearbhú a thabhairt i gCuid 6 den fhoirm iarratais maidir leis an gcuideachta nó an comharchumann a chiontú in aon Chion Tromchúiseach nó aon Chion Eile, ach níl aon chall le Foirm Grinnscrúdúcháin de chuid an Gharda Síochána a líonadh amach thar ceann na cuideachta nó an chomharchumainn féin. Ní chuireann sin aon athrú ar an ngá atá le dearbhú ó gach duine ábhartha sa chuideachta nó sa chomharchumann maidir le gach ciontú ina leith agus le Foirm Grinnscrúdúcháin de chuid an Gharda Síochána a chur faoi bhráid i leith gach duine acu.

Cionta Tromchúiseacha

- (a) dúnmharú,
- (b) dúnorgain,
- (c) cion maidir le gáinneáil ar dhruaí (a thagann faoi scáth a gciallaíonn alt 3 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994),
- (d) cion faoin Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997,
- (e) cion faoi alt 2 den Acht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil) 2000,
- (f) cion gnéis (a thagann faoi scáth a gciallaíonn alt 3 den Acht um Chiontóirí Gnéis 2001),
- (g) cion faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001,
- (h) cion maidir le sciúradh airgid faoi Chuid 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010,
- (i) cion faoi Achtanna na nArm Tine 1925 go dtí 2009,
- (j) cion lenar bhain iarracht nó comhcheilg maidir le cion a dhéanamh, nó cabhrú nó neartú le cion a dhéanamh, nó comhairliúchán nó sirtheoireacht maidir le cion a dhéanamh, nó a thabhairt go ndéanfaí cion nó cion a spreagadh maidir le haon chion acu sin a luaitear in *altanna (a) go (i)*, nó
- (k) cion faoin dlí i ndlínse eile atá ar aon dul le cion mar a luaitear in altanna (a) go (j), agus a d'fhágfadh, dá mbeifí leis an iompraíocht a bhí ina chion faoin dlí sa dlínse eile a dhéanamh sa Stát, go mbeadh cion mar a luaitear sna haltanna sin déanta.

Cionta Eile

Cion faoi -

- Achtanna na gCuideachtaí a bhaineann le cuideachta a cuireadh ar bun chun críche feidhm oibritheora tarlaithe de bhóthar nó oibritheora iompair paisinéirí,
- na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2011,
- Cuid 2 den Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009 (Uimh. 37 den bhliain 2009),
- an tAcht um Iompar ar Bhóithre 1933 agus aon Acht nó alt d'aon Acht a fhorléirítear nó a léitear in éineacht leis,

- na hAchtanna um Shubstaintí Contúirteacha 1972 agus 1979,
- an tAcht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 1998 (Uimh. 43 den bhliain 1998),
- na hAchtanna um Ghalair Ainmhithe 1966 go 2001,
- an tAcht Custam agus Máil (Forálacha Ilghnéitheacha) 1988 (Uimh. 10 den bhliain 1988),
- alt 3 den Acht Custam 1956 (Uimh. 7 den bhliain 1956),
- alt 10 den Acht um Iompar Idirnáisiúnta Earraí Bia Meatacha 1987 (Uimh. 20 den bhliain 1987),
- an tAcht um Iompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar 1990 (Uimh. 13 den bhliain 1990),
- alt 102 den Acht Airgeadais 1999 (Uimh. 2 den bhliain 1999),
- na hAchtanna Talmhaíochta 1931 go 1980 maidir le hiompar ainmhithe, feola nó táirgí talmhaíochta,
- na hAchtanna Torthaí Talmhaíochta (Feoil Úr) 1930 go 1988,
- chomh fada agus a bhaineann le fónamh mar oibrítheoir tarlaithe de bhóthar nó iompair paisinéirí ar bhóithre -
 - na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2005,
 - alt 77 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Uimh. 10 den bhliain 2005),
 - an tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) 1996 (Uimh. 16 den bhliain 1996),
 - an tAcht um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2007,
 - an tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997 (Uimh. 20 den bhliain 1997),
 - an tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 (Uimh. 5 den bhliain 1994),
 - na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 go 2006,
 - an tAcht um Íoc Pá 1991 (Uimh. 25 den bhliain 1991),
- na hAchtanna Leasa Shóisialaigh,
- na hAchtanna Iomaíochta 2002 go 2010,
- an tAcht Féimheachta 1988 (Uimh. 27 den bhliain 1988),
- Cuid 3 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 (Uimh. 19 den bhliain 2007),
- an tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980 (Uimh. 16 den bhliain 1980),
- aon rialachán a dhéantar faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972, maidir le hiompar earraí nó paisinéirí de bhóthar,
- dlí atá i bhfeidhm i mBallstát, seachas an Stát, atá ar aon dul le cion mar a luaitear thuas agus a d'fhágfadh, dá mbeifí leis an iompraíocht a bhí ina chion faoin dlí sa Bhallstát eile a dhéanamh sa Stát seo, go mbeadh sin ina chion.
- cion coiriúil tromchúiseach.
- sárú tromchúiseach ar rialacha an Chomhphobail i ndáil le:
 - sealanna tiomána agus sosa na dtiománaithe, sealanna oibre agus trealamh taifeadta a chur isteach agus a úsáid;
 - an meáchan uasta agus na toisí uasta maidir le feithiclí tráchtála a úsáidtear don trácht idirnáisiúnta;
 - an cháilíocht tosaigh agus oiliúint leanúnach ar thiománaithe;
 - ródacmhainneacht fheithiclí tráchtála, agus an scrúdú teicniúil éigeantach ar mhótarfheithiclí san áireamh;
 - deis ar an margadh maidir le tarlú idirnáisiúnta de bhóthar nó, de réir mar is cuí, deis ar an margadh maidir le hiompar paisinéirí ar bhóithre;
 - sábháilteacht maidir le iompar earraí contúirteacha de bhóthar;
 - gléasra luasteorainithe a chur isteach agus a úsáid i bhfeithiclí de chatagóirí áirithe;

- ceadúnas tiomána;
- daoine ag tosú ar an ngairm bheatha;
- iompar ainmhithe.